C/2026/1957

28.4.2026

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Mo ghuth, mo rogha: Ar mhaithe le Ginmhilleadh Sábháilte agus Inrochtana

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2026/1957)

Rapóirtéir: **José Antonio MORENO DÍAZ**

Comhairleoirí	Lidia FERNÁNDEZ MONTES (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa II) Rugilė BUTKEVIČIŪTĖ (thar ceann Ghrúpa III)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.9.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	26.11.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	21.1.2026
Seisiún iomlánach Uimh.	602
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	196/12/11

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tugann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) chun suntais agus cuireann sé in iúl gur díol sásaimh dó an iarracht atá déanta faoin tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, arna spreagadh ag an ngluaiseacht *'Mo ghuth féin, Mo rogha féin'*, chun bealach pragmatach a aimsiú chun rochtain na mban san Aontas Eorpach ar an gceart chun ginmhillte a áirithiú.

1.2. Mar fhreagairt ar an tionscnamh sin, cuireann CESE in iúl gur ceart daonna é an ginmhilleadh nach féidir a dhealú ó roinnt mhaith cearta eile agus nach mór gur ceart daonna a bheidh ann, ní hamháin ón gceart chun sláinte, agus nach mór feidhmiú éifeachtach an chirt sin a áirithiú i ndáiríre trí chur chuige trasnach.

1.3. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach togra le haghaidh tacaíocht airgeadais a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit ionas gur féidir le bean ar bith san Eoraip nach bhfuil rochtain aici go fóill ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil deireadh a chur go sábháilte le toircheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

1.4. Athdhearbhaíonn CESE gur foréigean institiúideach inscnebhunaithe de réir bhrí Choinbhinsiún Iostanbúl agus Threoir (AE) 2024/1385 ([1]) é diúltú do chúram ginmhillte nó bac a chur air. Ina fhianaise sin, ba cheart do na Ballstáit rochtain ar ghinmhilleadh a áireamh ina gcórais chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus chun tacú le híospartaigh, go sonrach ina gcórais sláinte poiblí.

1.5. Cuireann CESE i bhfios go láidir, i gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chomh maith le hAirteagail 1, 3, 21 agus 35 den Chairt um Chearta Bunúsacha, go bhfuil rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil mar chuid de dhualgas an Aontais maidir le dínit, sláine agus comhionannas na mban a chaomhnú.

([1]) Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj).

1.6. Ba cheart é a bheith faoin mbean lena mbaineann amháin cinneadh a dhéanamh deireadh a chur le toircheas, agus ba cheart don bhean sin a bheith in ann cinneadh a dhéanamh go neamhspleách agus saor ó chomhéigean, ó bhréagaisnéis agus ó stiogma.

1.7. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach mór beartais agus cláir a bheith ag gabháil le rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil lena n-áiritheofar saor-rogha eolasach agus gnéasoideachas cuimsitheach don phobal ar fad. Tá sé de cheart ag gach bean agus cailín cinntí uathrialacha atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh faoina corp agus faoina saol atáirgthe, saor ó chomhéigean, ó bhréagaisnéis agus ó stiogma.

1.8. Is rud ríthábhachtach é an gnéasoideachas cuimsitheach — mar a leagtar amach in Airteagal 14 de Choinbhinsiún Iostanbúl, i Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh agus i dtreoir theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le gnéasoideachas — chun toircheas neamhiarrtha a chosc, an comhionannas inscne a chur chun cinn agus an foréigean gnéasach a chosc.

1.9. Tathantaíonn CESE ar na Ballstáit gnéasoideachas cuimsitheach atá dian ó thaobh na heolaíochta de agus oiriúnach ó thaobh aoise agus cumais de a chomhtháthú i gcuraclaim scoile agus i gcláir ábhartha an Aontais, faireachán agus meastóireacht ar na cláir sin a thabhairt isteach agus a áirithiú go mbeidh gairmithe cúraim sláinte in ann toiliú feasach agus neamhspleáchas othar a urramú.

1.10. Creideann CESE gur gá don Choimisiún Eorpach soiléiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfar cistí an Aontais a struchtúrú chun feidhmiú an chirt sin a mhaoiniú chomh maith le sásraí tacaíochta airgeadais d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chumhdaíonn mná atá ag smaoineamh ar ghinmhilleadh a fháil.

1.11. In éagmais sonraí chun tacú le cur chun feidhme cuí beartas éifeachtach, molann CESE don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus do Eurostat sonraí imdhealaithe maidir leis an tsláinte agus le cearta gnéis agus atáirgthe a bhailiú.

1.12. Creideann CESE gur gá cearta na mban a neartú i bhfianaise ionsaithe ó na grúpaí atá i bhfad amach ar an eite dheis agus ó na grúpaí bunúsaithe.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tugann an feachtas *'Mo ghuth féin, Mo rogha féin'* deis do shaoránaigh an Aontais tuilleadh saoirse a thabhairt do na mná agus a saol a dhéanamh níos sábháilte agus níos fearr, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu san Aontas seo againne ná cé na coinníollacha faoina bhfuil siad ag maireachtáil.

2.2. I ndáil leis an méid sin, cuirtear i dtábhacht san fheachtas nach amháin go gcuireann an easpa rochtana ar ghinmhilleadh i roinnt mhaith áiteanna san Eoraip mná i mbaol díobháil coirp ach go gcuirtear strus míchuí eacnamaíoch agus meabhrach ar mhná agus ar theaghlaigh freisin, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i ndálaí forbhásacha sóisialta, eacnamaíocha, saothair nó cultúrtha, is é sin le rá, na daoine is lú atá in ann íoc as.

2.3. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach togra le haghaidh tacaíocht airgeadais a chur ar aghaidh chuig na Ballstáit ionas gur féidir le bean ar bith san Eoraip nach bhfuil rochtain aici go fóill ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil deireadh a chur go sábháilte le toircheas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

2.4. Is réiteach é sin a d'fhéadfadh na Ballstáit, b'fhéidir, rogha a dhéanamh go hoscailte ar mhaith leo páirt a ghlacadh ann nó nár mhaith. Iad siúd a roghnaíonn a bheith páirteach, gheobhaidís tacaíocht airgeadais ón Aontas ina dhiaidh sin chun ualach na hiarrachta dlúthpháirtíochta sin a chúiteamh. Tagann an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, a bhfuil an teideal céanna air, faoi chuimsiú shainchúram an Aontais maidir le tacaíocht a chur ar fáil.

2.5. 1 124 513 líon na ndaoine a bhí i bhfabhar an tionscnaimh agus a chuir a n-ainm leis sna tíortha seo a leanas: an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir. Leagann CESE béim ar an iarracht a rinneadh chun na sínithe sin a bhailiú.

2.6. Rinneadh an tionscnamh, a cláraíodh an 10 Aibreán 2024, a bhailíochtú an 1 Meán Fómhair 2025, rud a léiríonn go soiléir go dtagann sé faoi inniúlacht an Aontais agus nach dtagann sé faoi inniúlachtaí na mBallstát.

2.7. Tacaíonn CESE go hiomlán leis an tionscnamh sin, ar céim eile sa treo ceart é chun ginmhilleadh sábháilte, dlíthiúil agus inrochtana a bhaint amach do mhná san Aontas.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Ní mór rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil a bheith ina ceart daonna. Ceist a bhaineann le cearta an duine atá ann, agus is é an bealach is fearr chun neamhspleáchas coirp na mban a chosaint agus básmhaireacht máithreacha a laghdú an rochtain sin a áirithiú.

3.2. Ba cheart é a bheith faoin mbean lena mbaineann amháin cinneadh a dhéanamh deireadh a chur le toircheas, agus ba cheart don bhean sin a bheith in ann cinneadh a dhéanamh go neamhspleách agus saor ó chomhéigean, ó bhréagaisnéis agus ó stiogma.

3.3. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin a bhaineann leis an tsláinte agus leis an gceart chun neamhspleáchais coirp, gnéis agus atáirgthe. Nuair a chuirtear srian gan údar le seirbhísí um ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil nó nuair nach bhfuil na seirbhísí sin ar fáil go hiomlán, cuirtear srian ní hamháin ar an rochtain ar ghinmhilleadh ach freisin ar an gceart chun ginmhillte féin, rud a d'fhéadfadh cearta éagsúla eile an duine atá faoi chosaint idirnáisiúnta a chur i mbaol. Áirítear ar na cearta sin an ceart chun neamh-idirdhealaithe agus chun comhionannais; an ceart chun beatha, sláinte agus faisnéise; an ceart gan bheith faoi réir íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach; an ceart chun príobháideachais, chun sláine coirp agus chun neamhspleáchais; an ceart chun cinneadh a dhéanamh maidir le líon na leanaí agus an fad idir na breitheanna; an ceart chun saoirse; an ceart chun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le dul chun cinn eolaíoch; agus an ceart chun saoirse coinsiasa agus reiligiúin.

3.4. Leagtar síos na cearta sin i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus cosnaítear iad trí chonarthaí idirnáisiúnta iomadúla, amhail an Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta (CTI), an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (CRC), agus i gconarthaí réigiúnacha san Afraic, i Meiriceá agus san Eoraip.

3.5. Luaitear in Airteagal 12(1) den Choinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú go ndéanfaidh na stáit is páirtithe gach beart iomchuí chun deireadh a chur le hidirdhealú in aghaidh na mban i réimse an chúraim sláinte chun rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte a áirithiú, ar bhonn an chomhionannais idir fir agus mná, lena n-áirítear na seirbhísí sin a bhaineann le pleanáil clainne. Go sonrach, luaitear go sainráite i Moladh Ginearálta Uimh. 35 den choinbhinsiún sin gur sárú ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe na mban agus gur cineál foréigin inscnebhunaithe é coiriúlú an ghinmhillte, agus tathantaítear ar na stáit aon reachtaíocht lena ndéantar an ginmhilleadh a choiriúlú a aisghairm.

3.6. I gcomhréir le hAirteagal 2 CAE agus le hAirteagal 8 CFAE, chomh maith le hAirteagail 1, 3, 21 agus 35 den Chairt um Chearta Bunúsacha, tá an rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil mar chuid de dhualgas an Aontais maidir le dínit, sláine agus comhionannas na mban a chaomhnú.

3.7. Leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, cuirtear de cheangal ar na stáit is páirtithe an raon, an cháilíocht agus an caighdeán céanna cúraim sláinte agus clár sláinte saor in aisce nó inacmhainne a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus a sholáthraítear do dhaoine eile, lena n-áirítear i réimse na sláinte gnéis agus atáirgthe agus na gclár sláinte poiblí atá dírithe ar an bpobal.

3.8. Ina theannta sin, d'aithin Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine go sonrach gur cuid den cheart chun príobháideachais é cinneadh na mná deireadh a chur go deonach lena toircheas agus gurb ionann gan urraim a thabhairt do chinneadh na mná ginmhilleadh dlíthiúil a fháil agus sárú ar an gceart chun príobháideachais, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuireann na breithiúna isteach ar chinneadh den sórt sin ([2]).

3.9. Le déanaí, cuireadh an tsláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe san áireamh i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go sonrach Sprioc 3.7 (rochtain uilíoch ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe a áirithiú, lena n-áirítear le haghaidh pleanáil clainne, faisnéise agus oideachais, agus sláinte atáirgthe a chomhtháthú i straitéisí agus i gcláir náisiúnta) agus Sprioc 5.6 (rochtain uilíoch ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta atáirgthe a áirithiú mar a comhaontaíodh i gcomhréir le Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt, le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus le doiciméid toraidh a gcomhdhálacha athbhreithnithe).

([2]) https://www.ohchr.org/sites/default/files/Documents/Issues/Women/WRGS/SexualHealth/INFO_Abortion_WEB.pdf.

3.10. Ar an gcaoi chéanna, sa tuairim uaidh *An foréigean in aghaidh na mban, saincheist a bhaineann le cearta an duine: staid imeartha na mbeart ar fud an Aontais* ([3]), tugann CESE dá aire, agus cuireann sé in iúl gur cúis imní dó é, nár measadh gur cineálacha sonracha foréigin in aghaidh na mban iad na srianta atá ann faoi láthair ar thoircheas a fhoirceannadh ar bhonn deonach, go saor agus go sábháilte, agus an ciapadh a fhulaingíonn mná, go háirithe i gcóngar clinicí. Molann sé freisin reachtaíocht maidir le limistéir shábháilte timpeall ar chlinicí chun ciapadh agus imeaglú a chosc.

3.11. Ba cheart a áireamh ar chearta gnéis agus atáirgthe na mban an ceart chun cinneadh a dhéanamh dá ndeoin féin toircheas a fhoirceannadh agus an ceart chun ginmhillte, mar aon le rochtain éifeachtach ar sheirbhísí chuige sin. I bhfianaise ionsaithe córasacha ó ghrúpaí bunúsaithe agus grúpaí antoisceacha na heite deise, measann CESE nach mór bearta dlíthiúla a ghlacadh sna Ballstáit chun an ceart sin a ráthú, ní hamháin sin ach chun saorfheidhmiú an chirt sin a ráthú freisin.

3.12. Tugann CESE dá aire, fiú i gcás ina bhfuil an ginmhilleadh dlíthiúil, go gcuireann éagothromaíochtaí réigiúnacha agus sóisialta teorainn i gcónaí le rochtain éifeachtach. I roinnt ceantair thuaithe, bhochta nó choimeádacha ó thaobh cultúir de, is measa fós an easpa bonneagair leighis mar gheall ar stiogma, brú sóisialta agus noirm phatrarcacha dhaingnithe, i roinnt comhthéacsanna áitiúla ina bhfuil tionchar fós ag cóid onóra phatrarcacha thraidisiúnta nó ag brúnna láidre pobail. Cothaíonn na coinníollacha sin eagla, tost agus fiú breitheanna rúnda, agus bíonn iarmhairtí tromchúiseacha acu ar an tsláinte fhisiciúil agus ar an meabhairshláinte. Cuireann CESE i bhfios go láidir nach amháin go bhfuil gá le ráthaíochtaí dlíthiúla agus institiúideacha chun rochtain éifeachtach a áirithiú, ach go bhfuil gá freisin le bearta oideachais agus sóisialta chun an stiogma a chomhrac agus chun neamhspleáchas na mban a chosaint.

3.13. Athdhearbhaíonn CESE gur foréigean institiúideach inscnebhunaithe de réir bhrí Choinbhinsiún Iostanbúl agus Threoir (AE) 2024/1385 é diúltú do chúram ginmhillte nó bac a chur air. Ina fhianaise sin, ba cheart do na Ballstáit rochtain ar ghinmhilleadh a áireamh ina gcórais chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus chun tacú le híospartaigh, go sonrach ina gcórais sláinte poiblí.

3.14. An 4 Márta 2024, rinne an Fhrainc saoirse ginmhillte a thabhairt isteach i mbunreacht na tíre; leis sin, ba í an chéad tír ar domhan í leis an nginmhilleadh a thabhairt isteach mar cheart bunreachtúil. Ar an gcaoi sin, tá an Fhrainc ag iarraidh coimirce a bhunú i gcomhthéacs ina bhfuil an ceart chun ginmhillte á bhrú faoi chois san Aontas agus ar fud an domhain araon. Chomh luath le mí Eanáir 2022, tráth a bhí an Fhrainc i mbun na hUachtaránachta rothlaí ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chuir Emmanuel Macron moladh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa go ndéanfaí an ceart chun ginmhillte a áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

3.15. De réir taighde, tá córas casta ann ina bhfuil 275 ghníomhaí — a raibh maoiniú suas le USD 1.18 billiún acu idir 2019 agus 2023 — agus iad dírithe ar an mbonn a bhaint de chearta gnéis agus atáirgthe san Eoraip ([4]). Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá don Eoraip freagairt chomhordaithe réamhghníomhach a thabhairt chun na cearta sin a chosaint.

3.16. I bhfianaise an mhéid sin thuas, creideann CESE, mar an gcéanna le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, gur cearta bunúsacha iad rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear seirbhísí ginmhillte shláin agus dhlíthiúil lena ráthaítear rochtain éifeachtach. Creideann sé freisin go bhfuil an tsláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe riachtanach chun dínit an duine a chosaint ó tá na cearta sin nasctha go dlúth leis an gcomhrac i gcoinne foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus ós riachtanach iad chun comhionannas inscne agus cearta daonna eile a bhaint amach, amhail cearta an duine chun na beatha, chun sláinte, chun príobháideachais, chun slándála, chun neamh-idirdhealaithe, chun comhionannais os comhair an dlí agus chun saoirse ó chéastóireacht agus ó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.

3.17. Meabhraíonn CESE gur tiomantas de chuid an Aontais a ráthú go mbeidh smacht iomlán ag na mná agus ag na cailíní ar a gcoirp féin, go mbeidh smacht iomlán neamhspleách acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena gcearta gnéis agus atáirgthe féin agus go mbeidh an tsaoirse acu a gcuid cinntí féin a dhéanamh maidir leis an méid sin, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean ([5]).

3.18. Is rud ríthábhachtach é an gnéasoideachas cuimsitheach — mar a leagtar amach in Airteagal 14 de Choinbhinsiún Iostanbúl, i Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh agus i dtreoir theicniúil idirnáisiúnta UNESCO maidir le gnéasoideachas — chun toircheas neamhiarrtha a chosc, an comhionannas inscne a chur chun cinn agus an foréigean gnéasach a chosc.

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An foréigean in aghaidh na mban, saincheist a bhaineann le cearta an duine: staid imeartha na mbeart ar fud an Aontais (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/2005, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2005/oj).

([4]) Fóram Parlaiminteach na hEorpa um Chearta Gnéis agus Atáirgthe: *The Next Wave: How Religious Extremism Is Regaining Power*.

([5]) https://www.igualdad.gob.es/wp-content/uploads/SRHR-MINISTERIAL-DECLARATION-SIGNED-2.pdf.

3.19. Tathantaíonn CESE ar na Ballstáit gnéasoideachas cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de, dian ó thaobh na heolaíochta de agus curtha in oiriúint do riachtanais grúpaí éagsúla a chomhtháthú i gcuraclaim scoile agus i gcláir ábhartha an Aontais, faireachán agus meastóireacht ar na cláir sin a thabhairt isteach agus a áirithiú go mbeidh gairmithe cúraim sláinte in ann toiliú feasach agus neamhspleáchas na mban a urramú.

3.20. Meabhraíonn CESE leochaileacht ar leith na mionlach eitneach agus reiligiúnach, na mban a théann ar imirce, a thagann ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, agus na mban faoi mhíchumas, na mban leispiach agus na mban déghnéasach, i measc grúpaí eile, maidir le rochtain ar an gceart chun ginmhillte. Cuireann sé i bhfáth freisin go bhfuil gá le cur chuige trasnach.

3.21. Creideann CESE gur cheart tacaíocht airgeadais inbhuanaithe a bheith ag gabháil le hathruithe reachtacha chun go mbeidh fíorcheart éifeachtach ann rochtain a fháil ar chúram ginmhillte.

3.22. Creideann CESE, mar a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl i rún uaithi an 11 Aibreán 2024 (rún a glacadh le 336 vóta ina fhabhar, 163 vóta ina choinne agus 39 a staon ón vóta), gur cheart an ceart chun ginmhillte, agus an maoiniú a ghabhann leis sin, a áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([6]).

3.23. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach glacadh leis an tionscnamh agus a ráthú go mbeidh an ceart chun ginmhillte inrochtana agus ar fáil go héifeachtach, agus amchlár a tharraingt suas a bheidh le cur chun feidhme láithreach bonn.

3.24. Creideann CESE gur gá don Choimisiún Eorpach soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar cistí an Aontais a struchtúrú chun feidhmiú an chirt sin a mhaoiniú, chomh maith le sásraí tacaíochta airgeadais d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chumhdaíonn mná ar mian leo ginmhilleadh a fháil.

3.25. I bhfianaise na heaspa sonraí atá ann faoi láthair, molann CESE go mbaileodh EIGE agus Eurostat sonraí imdhealaithe maidir le cearta gnéis agus atáirgthe.

3.26. Ina theannta sin, iarrann CESE ar an Aontas bréagaisnéis maidir le ginmhilleadh, atá á scaipeadh ag lucht na heite fíordheise, a chomhrac go gníomhach. Is éard atá sa bhréagaisnéis sin bac ar neamhspleáchas agus ar shláinte na mban agus ar fheidhmiú a gceart gnéis agus atáirgthe.

3.27. Cáineann CESE cúlú chearta na mban agus na hiarrachtaí cúlchéimnitheacha ar fad atá á ndéanamh chun srian nó deireadh a chur leis na cosaintí atá ann cheana don tsláinte, do chearta gnéis agus atáirgthe agus don chomhionannas idir mná agus fir.

3.28. Aithníonn CESE an ról bunúsach atá ag an tsochaí shibhialta, go háirithe ag eagraíochtaí feimineacha agus eagraíochtaí um chearta na mban, maidir leis an gceart chun ginmhillte a chosaint, go mór mór i dtíortha ina bhfuil toirmeasc nó rochtain theoranta ar ghinmhilleadh, agus maidir le rochtain ar ghinmhilleadh a áirithiú trí thionchar a imirt ar athchóiriú dlí, ar sholáthar seirbhísí agus ar oideachas poiblí. Iarrann CESE go mbeadh cistiú sonrach ann chun tacú leis na heagraíochtaí sin, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil laghdú ag teacht ar an spás sibhialta agus ina bhfuil an ceart chun ginmhillte faoi bhagairt.

3.29. Ina theannta sin, tathantaíonn CESE ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais cosaint dhlíthiúil, fhisiciúil agus ar líne a áirithiú ar stiogmatú, ciapadh agus imeaglú gníomhaithe, gairmithe cúraim sláinte agus ban a roghnaíonn ginmhilleadh.

3.30. Tugann CESE dá aire, agus is cúis mhór imní dó, an cúlú domhanda i gcomhthéacs na tacaíochta idirnáisiúnta do phleanáil clainne agus do chearta gnéis agus atáirgthe. Go stairiúil, bhí Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID) ar cheann de na hurraitheoirí airgeadais is mó ar fud an domhain i dtaca le seirbhísí pleanála clainne agus sláinte atáirgthe, agus tacaíocht tugtha aici do na milliúin ban agus cailíní ó gach cearn den domhan. Inniu, faraor, tá nach mór gach fóirdheontas don phleanáil clainne curtha ar ceal aici agus tá riail an ghobáin dhomhanda curtha i bhfeidhm aici arís. Tathantaíonn CESE ar an Aontas, agus é ina cheannaire don domhan mór, luí isteach ar an obair agus cearta gnéis agus atáirgthe a chosaint agus rochtain ar chúram ríthábhachtach a áirithiú.

([6]) https://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20240408IPR20314/women-must-have-full-control-of-their-sexual-and-reproductive-health-and-rights.

3.31. Ar na cúiseanna sin go léir, tugann CESE chun suntais agus cuireann sé in iúl gur díol sásaimh dó an iarracht atá déanta faoin tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, arna spreagadh ag an ngluaiseacht *'Mo ghuth féin, Mo rogha féin'*, chun bealach pragmatach a aimsiú chun rochtain na mban san Aontas Eorpach ar an gceart chun ginmhillte a áirithiú. Cuireann sé in iúl gur ceart daonna é an ginmhilleadh nach féidir a dhealú ó roinnt mhaith cearta eile, ní hamháin ón gceart chun sláinte, agus nach mór feidhmiú éifeachtach an chirt sin a áirithiú i ndáiríre trí chur chuige trasnach.

An Bhruiséil, an 21 Eanáir 2026.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Séamus BOLAND